**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta** **M.22T**

**Scrúdú Ardteistiméireachta, 2002**

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

## DÉ MÁIRT - 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20

---

**Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II). Tá na ceisteanna go léir ar chómharc.**

---

**THALL →**

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

## (Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna, **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1. Anraí VII, 1485 – 1509**
Déan plé ar an gcaidreamh idir Éire agus an chéad mhonarc Túdarach, Anraí VII.
(80)

**A.2. Teaghlach Chill Dara**
Déan trácht ar an saol mar a bhí ag Teaghlach Chill Dara i rith réimeas Anraí VIII, 1509 – 1547.
(80)

**A.3. Na Tiarnais Ghaelacha**
Déan cur síos ar na príomhstruchtúir pholaitíochta agus shóisialta a bhain leis na Tiarnais Ghaelacha i dtús an séú haois déag.
(80)

**A.4. Anraí VIII, 1509 – 1547**
Déan trácht ar an bpolasaí a bhí ag Anraí VIII i leith an Reifirméisin in Éirinn, 1509 – 1547.
(80)

**A.5. Máire Túdar, 1553 – 1558**
Déan plé ar na polasaithe a bhí ag an Bhanríon Máire Túdar, 1553 – 1558, i leith na hÉireann.
(80)

### B

**B.1. An tSocraíocht Eaglasta Eilíseach**
Déan trácht ar an tSocraíocht Eaglasta Eilíseach in Éirinn.
(80)

**B.2. Seán Ó Néill**
Tabhair breithmheas ar ghníomhréim Sheáin Uí Néill.
(80)

**B.3. An Mhumha**
Na dreamanna a chuir i gcoinne riail na Banríona Eilís gCúige Mumhan, déan plé ar na cúiseanna a bhí acu leis sin a dhéanamh agus ar na modhanna a d'úsáid siad.
(80)

**B.4. An Cogadh Naoi mBliana, 1594 – 1603**
Tabhair cúiseanna gur theip ar airm Eilíse i dtús ama i rith an Chogaidh Naoi mBliana in Éirinn, 1594 – 1603, ach gur éirigh leo sa deireadh.
(80)

**B.5. Teitheadh na nIarlaí**
"B'iontach an deis é don Choróin é Teitheadh na nIarlaí." Déan é sin a phlé.
(80)

### C

**C.1. Titim Chonstantinople, 1453**
Déan plé ar an tábhacht a bhain le Titim Chonstantinople, 1453 agus mínigh cén fáth gur tháinig forleathnú ar an Impireacht Otamánach (Turcach) ina dhiaidh sin.
(80)

**C.2. An Renaissance san Iodáil**
Déan trácht ar bhunús agus ar phríomhthréithe an Renaissance san Iodáil.
(80)

**C.3. Turais Taiscéalaíochta**
Mínigh cén fáth go raibh an Spáinn agus an Phortaingéil ag gabháil do thurais taiscéalaíochta agus tabhair breithmheas ar an tionchar a bhí ag na turais sin ar an Eoraip.
(80)

**C.4. Séarlas V**
Déan plé ar ghníomhréim Shéarlais V ón mbliain 1516 go dtí an bhliain 1555.
(80)

**C.5. Erasmus**
Tá sé ráite go raibh tionchar ag Desiderius Erasmus ar an Renaissance agus ar an Reifirméisean araon. Déan é sin a phlé.
(80)

## D

**D.1. An Reifirméisean**

"Réabhlóid a bhí sa Reifirméisean." Déan é sin a phlé.

(80)

**D.2. Jean Calvin**

Déan trácht ar Jean Calvin, ar a chuid tuairimí agus ar leathadh an Chailbhíneachais san Eoraip sa séú haois déag.

(80)

**D.3. An Frith-Reifirméisean**

Déan scrúdú ar an bhFrith-Reifirméisean sa séú haois déag san Eoraip maidir leis na haidhmeanna a bhí aige, an tionchar a bhí aige ar dhaoine agus ar an méid a d'éirigh leis a thabhairt i gcrích.

(80)

**D.4. Eilís I, 1558 – 1603**

I stair Shasana tugtar "Aois Órga" go minic ar réimeas Eilís I, 1558 – 1603. Déan é sin a phlé.

(80)

**D.5. Éirí Amach na hÍsiltíre, 1566 – 1609**

Déan plé ar an gcúlra a bhí le hÉirí Amach na hÍsiltíre, 1566 – 1609, agus ar na cúiseanna a bhí leis. Mínigh cén fáth go raibh an bua ag lucht an éirí amach.

(80)

## E

**E.1. Éire, 1477 – 1625**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hÉireann, 1477 – 1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** agus i Roinn **B.**

(56)

**(ii)** Ainmnigh **DHÁ** fhoinse a d'úsáid tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh.

(14)

**(iii)** Maidir leis an taighde a rinne tú ar do ábhar, abair cén chaoi ar chuir sé le do chuid eolais ar an bpáirt sin den chúrsa staire.

(10)

**E.2. Aiste**

Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Galldú na hÉireann, 1477 – 1625.
**(ii)** Polasaí "Géilleadh agus Athbhronnadh".
**(iii)** "Tomás Dubh" de Buitléir, 10ú hIarla Urmhumhan.
**(iv)** Armáid na Spáinne agus Éire.
**(v)** Tráchtáil agus trádáil in Éirinn sa séú haois déag.

(80)

**E.3. An Eoraip, 1453 – 1618**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hEorpa, 1453 – 1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** agus i Roinn **D.**

(56)

**(ii)** Ainmnigh **DHÁ** fhoinse a d'úsáid tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh.

(14)

**(iii)** Maidir leis an taighde a rinne tú ar do ábhar, abair cén chaoi ar chuir sé le do chuid eolais ar an bpáirt sin den chúrsa staire.

(10)

**E.4. Aiste**

Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Ferdinando agus Isabella na Spáinne.
**(ii)** Renaissance "an Tuaiscirt".
**(iii)** Anraí IV na Fraince.
**(iv)** Forbairtí i gcúrsaí eolaíochta, 1453 – 1618.
**(v)** Bunús an Chogaidh Tríocha Bliain.

(80)

**THALL→**

# CÚRSA II

## Sibhialtacht na Linne Seo

**(Stair na hÉireann, 1868-1966;  Stair na hEorpa, 1870-1966)**

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt.  Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

## A

**A.1.** **Isaac Butt**
Déan plé ar bhunús, ar aidhmeanna agus ar fhás ghluaiseacht an Rialtais Dúchais faoi cheannas Isaac Butt.
(80)

**A.2.** **Micheál Dáibhid**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Micheál Dáibhid i gcúrsaí na hÉireann.
(80)

**A.3.** **Aontachtas Cuiditheach**
Tabhair breithmheas ar na buntáistí d'Éirinn a tháinig as Aontachtas Cuiditheach ("rialtas dúchais a mharú le cineáltas") sna blianta, 1885 – 1905.
(80)

**A.4.** **Páirtí Parlaiminteach na hÉireann**
Déan cur síos ar stair Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann ó bhás Pharnell (1891) go dtí Olltoghchán na bliana 1918.
(80)

**A.5.** **Bunú Thuaisceart Éireann**
Déan plé ar na tarlachtaintí suas go dtí 1920 gur tháinig díobh bunú Thuaisceart Éireann.
(80)

## B

**B.1.** **Cogadh na Saoirse, 1919 – 1921**
Déan trácht ar bhunús Chogadh na Saoirse, mar a throideadh an cogadh agus na torthaí a bhí ar an gcogadh.
(80)

**B.2.** **Cumann na nGaedheal, 1922 – 1932**
Déan plé ar an tuairim gur mhór iad na dúshláin a bhí le sárú ag Cumann na nGaedheal i dtús ama ach go rabhadar tar éis a lán a thabhairt i gcrích faoin mbliain 1932.
(80)

**B.3.** **Caidreamh Angla-Éireannach, 1922 – 1949**
Tabhair breithmheas ar an scéal mar a bhí i gcaidreamh Angla-Éireannach, 1922 – 1949.
(80)

**B.4.** **Tuaisceart Éireann, 1920 – 1966**
Déan cur síos ar na deacrachtaí a bhí le sárú ag Tuaisceart Éireann i rith na tréimhse, 1920 – 1966, agus tabhair breithmheas ar na hiarrachtaí a deineadh chun na deacrachtaí sin a réiteach.
(80)

**B.5.** **Seán Lemass**
Tabhair breithmheas ar an méid a rinne Seán Lemass i stair na hÉireann suas go dtí 1966.
(80)

## C

**C.1.** **Bismarck**
Cé chomh maith is a d'éirigh le Bismarck an tsíocháin a choimeád sa bhaile agus thar lear i rith na tréimhse, 1871 – 1890?
(80)

**C.2.** **An Rúis, 1870 – 1917**
"Faoi riail na Sár ó 1870 go dtí 1917 bhí an Rúis faoi thionchar leasuithe, frithsheasamh in aghaidh na leasuithe agus réabhlóidí."  Déan é sin a phlé.
(80)

**C.3.** **Ceist an Oirthir**
" Ó Chomhdháil Bheirlín, 1878, go dtí feallmharú Sarajevo, 1914, bhí géarchéim i ndiaidh géarchéime sna Balcáin ag bagairt ar shíocháin na hEorpa."  Déan é sin a phlé.
(80)

**C.4.** **Caidreamh Angla-Ghearmánach, 1890 – 1914**
Déan trácht ar an iomaíocht a d'fhás idir an Ghearmáin agus an Bhreatain Mhór sa tréimhse, 1890 – 1914.
(80)

**C.5.** **Socraíocht Síochána**
Déan plé ar na láidreachtaí agus na laigí a bhain leis an tsocraíocht síochána i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda .
(80)

## D

**D.1. Hitler agus Mussolini: polasaithe eachtracha**
Na polasaithe eachtracha a lean Hitler agus Mussolini, cé chomh mór is a bhíodar ciontach le briseadh amach an Dara Cogadh Domhanda?
(80)

**D.2. Cogadh Cathartha na Spáinne, 1936 – 39**
Mínigh cén fáth gur bhris cogadh cathartha amach sa Spáinn sa bhliain 1936 agus déan plé ar an gcaoi a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm ar an domhan go hidirnáisiúnta.
(80)

**D.3. Stalin**
Nuair a rinneadh ionradh ar an Rúis sa bhliain 1941, cén dul chun cinn a bhí déanta ag Stalin maidir len a pholasaí "sóisialachas in aon tír amháin"?
(80)

**D.4. An Dara Cogadh Domhanda: na torthaí**
Cérbh iad na torthaí a bhí ar an Dara Cogadh Domhanda sa mhéid is a bhain sé leis an Eoraip?
(80)

**D.5. Charles de Gaulle**
Déan cur síos ar an bpáirt a bhí ag Charles de Gaulle i stair na Fraince sna blianta 1939 go dtí 1966.
(80)

## E

**E.1. Éire, 1868 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hÉireann a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** agus i Roinn **B**.
(56)

**(ii)** Ainmnigh **DHÁ** fhoinse a d'úsáid tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh.
(14)

**(iii)** Maidir leis an taighde a rinne tú ar do ábhar, abair cén chaoi ar chuir sé le do chuid eolais ar an bpáirt sin den chúrsa staire.
(10)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Náisiúnachas cultúrtha i ndeireadh an naoú haois déag.
**(ii)** Stailc agus Frithdhúnadh na bliana 1913.
**(iii)** An Chuntaois Constance Markievicz.
**(iv)** Na Léinte Gorma.
**(v)** Nollaig de Brún.
(80)

**E.3. An Eoraip, 1870 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar an ábhar taighde i stair na hEorpa, 1870 – 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** agus i Roinn **D**.
(56)

**(ii)** Ainmnigh **DHÁ** fhoinse a d'úsáid tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh.
(14)

**(iii)** Maidir leis an taighde a rinne tú ar do ábhar, abair cén chaoi ar chuir sé le do chuid eolais ar an bpáirt sin den chúrsa staire.
(10)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Cás Dreyfus.
**(ii)** An Ghearmáin faoi Weimar, 1919 – 33.
**(iii)** Gluaiseacht na Sufraigéidí sa Bhreatain.
**(iv)** Nikita Khrushchev.
**(v)** An ghluaiseacht i dtreo na haontachta Eorpaigh ó dheireadh an Dara Cogadh Domhanda go dtí 1966.
(80)